

## Scéla Cano meic Gartnáin

### The Story of Cano son of Gartnán

#### Section 1

Baí imchosnom im rígi n-Alban

iter Oedán mac Gabráin ocus Gartnán mac  
Æda maic Gabráin,

co torchair leth fer n-Alban etarru hi cathaib  
ocus imargalaib.

A n-Inis moccu Ché[i]n ro-baí in Gartnán;  
is [s]í insi is dech con-rótacht i n(n)íart[h]ar  
domain,

.i. stíall ar c[h]apar do dencibar cach teach baí  
isinn indsi la Gartnán ó fhéic co féic imonn  
indsi uili connici in fíaltech;

Bhí coimhlint fá ríghe Alban

idir Aodhán mac Gabhráin agus Gartnán mac  
Aodha mhic Gabhráin

ionas gur thit leath fear Alban eatarthu i  
gcatha agus in iorghala.

In Inis Mhac Uí Chéin a chónaigh Gartnán.

Is í sin an inis is fearr atá cóirithe in iartha  
domhain:

gach teach ó rinn to rinn fán inis uile tógha ag  
Gartnán as stíallacha de iúr dearg, go fiú an  
leithreas féin.

Áedán son of Gabrán and Gartnán son of Áed,  
son of Gabrán

were in contention over the kingship of  
Scotland

until half the men of Scotland fell between  
them in battles and conflicts.

Now this Gartnán dwelt in Innis Moccu Chéin  
and that island was the best equipped in the  
western world.

In Gartnán's time every house on the island  
was panelled with red yew, as far as the privy,  
around the whole island.

ba do dencór a indsi uili la Gartnán.

Seacht seisrecha leis for indair;

secht n-áirge leis, .uui. fichit bó cacha háirge.

.l. lín fri haige altai

esti amach, .l. lín fria híascach.

in .l. lín éisc, súainemain estib for senistrib na cuchtrach,

cluicne for cind cacha súainemna

forind aireanach ar béláib in[d] rechtaire;

cethrur oc téluch na n-iach cétschnáma dó súas.

Éiseum co léic ic ól meda fora(a) cholcaig.

Ba de dhearg-ór a inis uile de bharr a shaothair.

Seacht seisreacha aige don treabhadh.

Seacht dtréada aige agus seacht bhfichid bó i ngach tréad.

Caoga líon le breith ar fhianna allta

agus caoga líon as an inis amach le haghaigh iascaigh.

Caoga téad as na líonta éisc go dtí fuinneoga na cistiní.

Cloigín ar cheann gach téide

ar an laindéal os coinne an reachtaire.

Ceathrar ag tarraing na mbradán céadshnámha aníos dó.

Eisean ar feadh an ama ar a tholg ag ól meá.

Gartnán had his whole island decked with red gold.

He had seven ploughlands under the plough  
and seven herds with seven score cows in each herd.

He had fifty nets for wild game  
and fifty fishing nets off-shore.

The fifty fishing nets had ropes on them  
leading up to the windows of the kitchen.

There was a small bell at the end of each rope  
on the platform in front of the steward.

Four men would empty the first run salmon up  
to the steward above.

Gartnán, meanwhile, would be drinking mead  
on his quilt bed.

## Section 2

Rucad mac do Gartnán, i. Canu mac Gartnáin.

Rucad-side for altrom.

Fo-rroilged la Gartán dabach i llac mara, ocus sí lán di ór ocus di argat;

ocus ro-marbtha lais in cethror ro-bátar oc  
br[e]ith ind airgid inti,

conda ruc in muir leis,

ocus nách fidir acht (s)éisem ocus a ben ocus a  
mac.

Rugadh mac do Ghartnán, is é sin Cano mac  
Gartnáin,

agus tugadh amach ar altrom é.

Chuir Gartnán dabhach á fholú i lag mara agus  
í lán d'ór agus d'airgead

agus mharaigh sé an ceathrar a d'iompair an t-  
airgead inti,

gur rug an mhuij léi iad

agus nár bh eol d'éinne é ach dó féin agus a  
bhean agus a mhac.

A son was born to Gartnán and his name was  
Cano.

He was put into fosterage.

Gartnán concealed a vat full of gold and silver  
when the tide was low.

He had the four men who had loaded the vat  
\*with silver\* killed

and then the sea carried them off.

No one knew of this except Gartnán, his wife  
and his son.

## Section 3

Do - luid .im. Ædán cuai - seom .xx. cét fot na  
geamaidhchi.

Coná dechadar acht a ndeachaid do rind gaí  
ocus do g[e]in claidhibh,

ocus ni baí crand dond indsi fri aroile im  
meadón lái arna márach.

Oíche gheimhridh amháin áfach tháinig  
Aodhán chuige, le fiche céad fear,

agus ní dheachaigh as ach a ndeachaigh de  
rinn ghae agus d'fhaobar claidhimh,

agus i meán lae arna bhárach ní raibh aon dá  
chrann tí i gcionn a chéile san inis.

\*However,\* Áedán advanced on Gartnán with  
two thousand men through a winter's night.

They only escaped who escaped from spear-  
point and sword-edge

and there was not a beam left standing against  
another by noon of the following day.

## Section 4

“Maith trá”, or Cano, “is ferr dún imgabáil ind fhir-se ro-marb ar n-athair;

ní (f)aicsiu ar cairdeas dó inás in fer ro-marb.”

“Cia leath reghma[e]?” or a muinter.

“Reghmai(t) i tir n-Érind; combráthair dún.”

Do-gnít(h)er curaich lais.

Lotar dochum thráchta.

Is [s]amlaidh do-dechadar dochum mara .i.  
cóeca læch.

Brat corcra cóicdíabalta im cach n-áí;

dá sleigh cóicrindi ina láim;

scíath co mbúailig óir fair;

cloideb órduirnn fora chris;

“Bíodh mar sin,” ar Cano, “is fearr dúinn an fear seo a mharaigh ár n-athair a sheachaint.

Ní foigse ár gcairdeas dó ná cairdeas an fhir a mharaigh sé.”

“Caidé an treo a raghaimid?” ar a mhuintir.

“Raghaimid go hÉirinn mar is comhbhráithre dúinn iad.”

Fuair sé curaigh déanta

agus chuadar chun trá.

Is amhlaidh a tháinig an caoga laoch chun na mara:

brat corcra cúig-dhiabhalta ar gach duine acu;

dhá shleá chuíg-rinne ina láimh;

sciath agus murlán óir air;

claidheamh ór-dhoirn ar a chrios;

“Well now,” Cano said, “it would be better for us to avoid the man who has slain my father

for my kinship with Áedán is further removed than that of the man he has slain.”

“Where shall we go?” asked his people.

“Let us go to Ireland. We have kinsmen there.”

A small boat was built by them.

They went down to the beach.

The fifty warriors who came to the sea looked like this:

each of them had a purple cloak, folded five times, about him

\* , two five-pronged spears in his hand,

a shield with a golden boss on it\*

and a golden hilted sword on his belt.

a mong órbuidi dara ais.

Is [s]amlaid do-deachadar in .l. ban:

brat húaine co cortharaib argait;

léne co ndergindlead óir;

deilgi óir lánecair co mbrechtrad (n)gem n-ildathach;

muinci di ór forloiscet[h]i;

mind óir for(a) c(h)ind cach aí.

In .l. gilla:

inara do síta buidi[u] impu co n-argud.

Fithchell for muin cach gilla[i] co feraib óir ocus airgid;

timpán créda i(n) láim chlí in gilla[i];

da mílchoin ar slabra[i]d airgit ina láim deis.

a mhong órbhuí thar a mhuin siar.

Is amhlaidh a tháinig an caoga ban:

brat uaithne fá chorthar airgid;

léine fá dhearg-inleadh óir;

dealga d'ór lán-eagair fá bhreachtraidh geama ildathacha;

muince d'ór fhorloiscethe;

mionn óir ar cheann gach mná acu.

An caoga giollaí ansin:

ionair de shíoda buí agus airgid umpu;

fichill ar mhuinéal gach giolla maraon le fir óir agus airgid;

tiompán créadha ina láimh chlé;

dhá mhíol-choin ar shlabhra airgid ina láimh dheis.

Each of them had golden yellow locks of hair  
\*flowing down his back\*.

The fifty women who went looked like this:

each had a green cloak with silver fringes,

a tunic embroidered with red gold,

fully embellished golden brooch-pins with a variety of many-coloured stones,

a necklace of refined gold

and each wore on her head a golden diadem.

The fifty servants

had yellow silk shirts threaded about with silver.

Each servant carried a set of *fidchell* across his back with gold and silver pieces,

a \*bronze\* lute in his left hand

and a pair of greyhounds on a silver leash in his right hand.

## Section 5

Bátar meic Æda Sláne in tan-sin

for crích (n)Ulad

for tomaltaib,

.i. dá mac Æda Sláne i comflaitheamnas;

bádar-side hi Collmaig hi crích Ulad.

Ro-buí fáilti mór la suidiu,

.i. trian bi[i]d ocus leanna ocus attreib ocus  
indili dó.

Nirbo lór la hÆdán

a c[h]los-[s]in na fáilti do thabairt do-som la  
macu Æda Sláne;

andso cach rét leis dí

Bhí mic Aodha Sláine an t-am sin

i gcrích Uladh

ag bailiú toradh a gceartanna ríoga,

mar bhí an bheirt acu i gcomhfhlaithiúnas an  
tráth sin.

I gCollmhaigh i gerích Uladh a tháinig Cano  
orthu.

Chuir siad fáilte mhór roimhe

le trian de bhia, de lionn, de áitreabh agus de  
innile.

Níor leor d'olc le hAodhán

a chloisint cé an fháilte a chuir mic Aodha  
Sláine roimh Chano;

ba throime ná gach rud leis

At that time the two sons of Áed Sláine,  
Diarmait and Bláthmac,

who held joint-sovereignty,

were enjoying their tribute

in the territory of Ulster, at Collmeg.

They gave a good welcome to Cano,

that is to say, one-third of their food, their  
drink, dwelling places and wealth.

Hearing of the welcome given to Cano by the  
sons of Áed Sláine,

Áedán was dissatisfied.

It was all the harder to bear

nád fider in dabaig fo-roilged la Gartnán.

At-berad-som trá do-dechaid in Satan c(h)uca,  
.i. co hOedán,

co n-éccid dó in dabaig áit a roibi,

co tucad leis co mbuí ina chuili fodeisin,

ocus nocho testa afraiging esti.

“Bidh maith so”, or Oedán,

“.i. in crod-sa Gartnáin do-bérthar do macaib  
Æda Sláne ar marbad a meicc, .i. Cana.”

nár bh eol dó an áit ar fholaigh sé an dabhach.

Deirtear áfach go dtáinig Satan go dtí Aodhán

gur inis dó an áit a raibh an dabhach

agus go dtug sé leis ina chuile \*fhéin\* é

agus nach raibh oiread is cianóg in easnamh  
air.

“Beidh gach ina cheart,” ar Áodhán,

“is cóir an crodh \*Ghartnáin\* a thabhairt do  
mhic Aodha Sláine ar son Cano a mharú.”

that he did not know where the vat had been  
hidden by Gartnán.

It was said \*, however,\* that Satan came to  
Áedán

and disclosed the whereabouts of the vat to  
him.

Áedán then brought the vat back so that it  
stood in his own store-room

and it was not lacking in silver pennies.

“It will be a good thing,” Áedán said,

“that the sons of Áed Sláine be given the  
wealth of Gartnán to kill his own son Cano.”

## Section 6

Do-luid nónbur úad, ocus míach argaid leo,  
co mbádar issind arucol mac n-Æda Sláne  
cen fhis cen airfhis.

Cana cona muintir i tig fo leith isin lis.

Ingen Díarmada maic Æda Sláne  
ro-char(astar) Cano

ara airscélaib

cid síu do-(th)ísed t(h)airis.

Ro-bátar coím Éreand ica c(h)uindchid.

Buí-si i n(n)airicol i téob taigi mac n-Óeda.

“Toimsidher a n-argad”, or mac Æda.

Chuaigh naonúr siar uaidh agus miach airgid leo

go rabhadar i seomra mac Aodha Sláine

\*gan fhiös, gan réamhfhiös\*.

Bhí Cano agus a mhuintir i dteach fá leith so lios.

Tharla áfach go raibh iníon Díarmada mhic Aodha Sláine i ngrá le Cano

ar a iomrá

fiú sula dtáinig sé anall,

cé go raibh uaisle na hÉireann á hiarraidh féin,

agus anois bhí sise i seomra ag taobh tí mhac Aodha.

“Tomhaistear an t-airgead,” ar mic Aodha.

Áedán dispatched nine men with a sack of silver

and they arrived at the chamber of the sons of Áed Sláine

secretly and without prior arrangement.

Cano and his household were staying in the house in a separate part of the enclosure.

The daughter of Diarmait, son of Áed Sláine, loved Cano

before he had crossed the sea

because of the famous stories about him.

She was sought in marriage by Irish nobles.

She was in a chamber which lay alongside the house of the sons of Áed Sláine.

“Let the silver be weighed,” said the sons of Áed.

“Ro-d-bia ón”, or ind (n)Albanaich.

Ro-c(h)úala[e] ind (n)ingen in cocur hísin.

Ro-gab imach, ocus gebid fleisc ina láim,  
onus luid co mbuí forsin fordorus ind lis.

Is and do-lluid-seom imach ceathrór,  
onus óengaí i lláim cech fir do dul immach.

At-bert-si:

“Nochon [fh]etar-sa indiu  
la hÉri ná hAlbanchu  
loech ná[d] (h)urgarad(ar) Cano  
cona gáí find fort(h)anu.”

Oc teacht dó fon fordorus,

do-ber[t]-si in slait ina chend ocus dixit:

“A Chano  
faire i f(a)ile fortharo;  
masa dodchad, is móir de,  
masa s[otch]ad, is tano.”

“Déanfar sin duit,” ar na hAlbanaigh.

Chuala an iníon an comhchogar seo.

Ghabh sí amach, thóg fleasc ina láimh  
agus chuaigh ar fhordhoras an leasa.

Is ansin díreach a tháinig Cano amach faoi le triúr eile,

agus ga i láimh gach fir acu.

Labhair sí:

“A lua inniu ní fhéadaim,  
in Albain ná in Eirinn,  
laoch nach ndiongabhann Cano  
lena gha geal tanaí.”

Ag teacht faoin fhordhoras dó

leag sí an tslat ar a cheann agus dúirt:

“A Chano,  
tá súil ar do shealbhais,  
más dochar is móir de,  
más sochar is mion de.”

“So be it,” the Scots said.

The girl heard that secret conversation.

She came out holding a rod in her hand  
and she went to the balcony overlooking the  
enclosure.

Then the four men came out,  
each with a spear in his hand.

The girl said:

“There’s no warrior that I know,  
of the Scots or of the Irish,  
who could not ward off Cano  
with his bright and slender spear.”

As she went towards Cano, who was under the  
balcony,

she waved the stick before him and said:

“Cano,  
there is interest in your store:  
its good luck will be slight,  
its bad luck will be more”

La tobairt bémme dó oc tuideacht imach,  
ocus as-bert oc teacht dó úaidi(b):

“Ní faiteach int Albanach  
im-thé(i)t la lúth a láime;  
atá ní nád faichlethar  
gussu maic Æda Sláne.

Ní ar tharcud athchomsáin  
do ríg cen écnach n-aéra,  
atá mór dona[ib] doínib  
fo chíchib maicni nOeda.

A scél ro-chúala tria tech  
ní sían n-álaind n-adbannach;  
siretach nád cluinither;  
ní faitech int Albanach.”

Ni.

“As robad so, a ingen,” ar Cano.

“Cid robud”, orsi, “atá a damna and.

Atáthar ac tomus argaid ar bar marbad isinn  
arucul út.”

“Maith dí”, orse.

agus ansin thug sí buille dó ag teacht amach  
agus dúirt leis mar d’imigh sé:

“Ní faichilleach an tAlbanach  
a shiúlann fá lúth a láimhe,  
mar tá rud nach bhfeiceann sé,  
cumhacht mac Aodha Sláine.

Ní chanaim i modh achasáin  
do rí gan éagnach aoire,  
mar tá mórán de dhaoine  
faoi chíocha na mac Aodha seo.

An scéal a chualas tríd an teach  
ní siansa álainn ábhannach,  
is trua don té nach gcluineann é,  
ní faichilleach an tAlbanach.”

“Is rabhadh é sin, a iníon,” ar Cano.

“Más ea féin,” ar sí “tá a ábhar ann.

Táthar ag tomhas airgid ar do mharú sa tseomra  
úd.”

“Tá go maith,” ar sé

As she came out she gave Cano a tap  
and said, drawing nearer to him and further  
from the others:

“Unwary is the Scot,  
who roves with strength in his hand,  
It is a fact that he takes no heed  
of Áed Sláine’s warlike sons.

It is not to apportion blame  
to a king untainted by satire,  
but those in the care of the sons of Áed Sláine  
could heed this warning greatly.

Throughout this house I have heard the tale,  
it is not a pleasant tune,  
Sad for him who does not hear,  
unwary is the Scot.”

“This is a warning, girl,” Cano said.

“If there is a warning,” she replied, “there is  
reason for it.

They are counting out silver for your murder  
in that chamber there.”

“Right then,” Cano said.

## Section 7

Luid ina t[h]ech.

“Maith trá, is airc dúnna cia do-[g]nemis comairle.”

“Cid so, a Chano?” ol a muinter.

“Ní ‘cid’ maith”, ol Cano;

“do-filter c(h)uca(i)nd diar marbad in lín atám.”

“Bés is ed ro-c[h]indead dún”, ar an óic.

“Atá ní as maith dún”, or Cano:

“fúaitgem dona[ib] feraib na cóic thigi file(t) isind lis.

Tíagat dá claidbech déc ar dorus cach t(h)igi.

Ro-hicob-sa na rígu ocus nibat ríg na fotha.”

agus chuaigh ar ais ina theach.

“Más mar sin é, beidh orainn comhairle a ghlacadadh.”

“Caidé an scéal seo, a Chano?” ar a mhuintir leis.

“Ní scéal maith é.

Táthar réidh lenár marú, an uile dhuine agaínn.”

“B’fhéidir gurb é a cinneadh dúinn,” adeir na fir.

“Tá comhairle agam a fhóirfeas dúinn.

Ná ligimis do na fir dul sna cúig tithe atá sa lios.

Téadh dhá chlaidhmheach déag i ndoras gach tí.

Raghaidh mise go dtí na ríthe agus ní ríona a bheas acu ansin.”

He went into the house.

“Well now, we need to take counsel.”

“What is the matter, Cano?” his household asked.

“‘What’ is of no use,” Cano replied.

“They are on their way to kill the lot of us.”

“Perhaps that has been fated for us,” the young men said.

“This is the best course for us,” Cano said.

“Let us capture from the men the five houses in the enclosure.

Let twelve swordsmen go to the door of each house.

I shall approach the kings and it will not be a loving visit for them.”

“Maith”, or inn óic, “is fearr ainmne.”

“Maith”, orse, “tíagh-sa dochum ind arucuil dús in[d]am léchter ind.

Dian[d]am léicther ind, ni-m [m]air[b]fider.

Mani-m léict[h]er, segaith-si ar éicin ocus no-m-léicid imach íarum.”

“Maith go leor,” ar na fir, “is fearr dúinn bheith foighdeach.”

“Go maith,” ar sé, “raghadsa chuig an tseomra féachaint an ligfear isteach mé.

Má ligtear, ní marófar mé.

Mura ligtear, téigí sibhse agus ligigí amach ar éigin mé.”

“Good,” the warriors said, “forbearance is the better course.”

“Good,” agreed Cano. “I will go to the chamber to see if I can get in.

If I can, I shall not be slain.

If I cannot then force your way inside and get me out.”

## Section 8

Téit-seom dí do dorus in tigi.

Tíagair di athchomarc Cano i ndorus in tigi.

“Do-lleic ind”, or Diarmaid.

“Tóet ind”, or Bláthmac.

Téit isa tech co fosad.

Is and buí in sechi cusan argad for lár in tigi.

“Tair etraind sund”, orsiad.

Téann sé ansin go doras an tí

agus tig duine chun cainte leis.

“Lig isteach é,” ar Diarmaid.

“Taradh sé isteach,” ar Bláthmhac.

Téann sé isteach go socair.

Is amhlaidh a bhí an tseiche leis an airgead ar urlár an tí.

“Tar anseo eadrainn,” ar siad.

Cano approached the door of the house.

Men were sent to question him at the doorway.

“Let him in,” says Diarmait.

“He may enter,” says Bláthmac.

Cano entered steadily.

The bag of silver was on the floor \*of the house\*.

“Come among us,” they said.

“Maith ind foil-se”, orse, .i. foil a athar.

“Bíd imod láim”, or Diarmait.

“Ba dúthaich cia no-beth dí”, orse.

“Cia dúthchus ón?” orsead.

“Scél trúag ón”, orse.

“Atchúalabair m’athair-sea.

Rob adlaic leo-som daigh-íartaigi dam-sa;

.i. ro-foilgedh leis dabach lán di arcad.

Ol is treisiu tocad Ædán,

fo-fúair co tucad úad crod an athar

armo marbad-sa libh-si sund.”

“At-beram”, or Diarmait,

“Is maith an fáinne seo” — fáinne a athar a bhí ann.

“Beidh sé fá do láimh,” ar Diarmait.

“Ní bheadh ann ach an ceart dá mbeadh,” ar sé.

“Cé an chaoi más ea?” ar siad.

“Is scéal trua é maise,” ar sé.

“Chuala sibh trácht ar m’athair.

Ba mhian leis soláthar a dhéanamh do mo thodhchaí

agus chuir sé dabhach lán d’airgead i bhfolach,

ach mar ba threise rath Aodháin

fuair sé crodh m’athar agus chuir anseo go hÉirinn é

mar dhíolaíocht ar mo mharú libhse.”

“Deirimid an méid seo,” ar Diarmait,

“That is a fine bracelet,” Cano said — it was his father’s bracelet.

“It shall encircle your hand,” Diarmait said.

“It used to be an heirloom,” said Cano.

“Whose inheritance was it?” they asked.

“That is a sad story.

You have heard of my father.

He wished it to be a noble inheritance for me;

he concealed it in a vat full of silver.

Since Áedán’s luck is the stronger,

he found my father’s store of treasure and sent it here to you

in return for my death \*by you here\*.”

“We declare,” said Diarmait,

“cia do-bertha lán in tigi co h-ocht(h)aig,  
ni-t rir(fí)the aire.”

“Is buidi lend”, orse.

La sin gaibthi imach.

Téit Bláthmac ina dia(i)d.

“Atá ní no-t-bia, a Chana,” orse.

“Regait ind óic diar n-inchaibh-ne  
murc[h]reich.

Airg-siu ara chind ocus dos-fúairc, ocus tuc  
t(h)’arcad fadéin c(h)ucad”.

“Am buideach de”, or Cano.

“cé go dtabharfaí lán an tí go fraitheacha  
dúinn  
ní díolfaí thú.”

“Táimid buíoch,” ar sé.

Leis sin téann sé amach.

Téann Bláthmac ina dhiaidh.

“Beidh sásamh agat, a Chano,” ar sé.

“Raghaidh na teachtairí taobh amuigh dár n-  
oineach ar an fharraige.

Téigh thusa ina gcionn is básaigh iad is glac  
chugat d’airgead féin.”

“Táim buíoch de,” ar Cano.

“that though the fill of this house up to the  
rafters were given  
you would not be sold for it.”

“I am grateful,” said Cano.

With that he left.

Bláthmac followed him.

“Here’s something for you, Cano,” he said.

“Áedán’s warriors will pass out of our  
protection at the distance of a league.

Go intercept them, crush them and retrieve  
your own silver.”

“I am grateful for this,” said Cano.

## Section 9

Téit íar sin coa muntir.

Im-rochomlai ind n-inseo a taigh dóib.

No-s-gaib Cano.

Aireblingthe co mbuí isin curach.

“... do thetarr(e)acht ar mbægail”, ar Cano.

“Is dáig”, orse[a]t.

“Olc dúib ám mo brath-sa.

Ní fil isan churach-sa nabad i tig m’athar-sa  
ocus mo máthar do-ucabtha”.

“Maith, a Chano”, ar ann óic.

“Cid tú bud chumachtach is’ thír i táim-ne, no-  
bemis dod réir.

Atá ní as maith duit: t’argat bodéin d’fácbáil  
lat  
ocus ar léici[ud]-nni diar thír.”

Téann sé ina dhiaidh sin go dtí a mhuintir.

Níonn siadsan cuairt an oileáin ar lorg na  
dteachtaí,

ach is é Cano a bheireann orthu.

Léimeann sé isteach sa churach orthu:

“Ag iarraidh teacht aniar aduaidh orm a bhí  
sibh?” \*, arsa Cano.\*

“Is dóiche é,” ar siad.

“Ba olc an mhaise díbh fealladh orm.

Níl dada sa churach seo nach as tigh m’athar  
agus mo mháthar a tógadh é.”

“Is fior duit, a Chano,” ar na fir,

“ach dá mbeadh cumhacht na tíre agatsa  
bheimis faoi do réirse.

Is é an rud is fearr duit a dhéanamh anois,  
d’airgead féin a choinneáil  
agus sinne a ligint abhaile.”

Cano \*then\* returned to his people

and they set out from the house.

Cano caught up with the envoys of Áedán.

He leapt aboard their boat.

“We have caught you unawares,” he said.

“That is clear,” they replied.

“You were greatly at fault to betray me:

there is not a man in this boat who was not  
raised in the house of my father and mother.”

“Well, Cano,” the warriors said,

“if it were you who ruled in our land, we  
would be subject to you.

Here is your best course: your \*own\* silver to  
be left here

and us to be allowed back to our land.”

“Bid fir dí”, orse.	“Sin mar a dhéanfad,” ar sé.	“It shall be so,” <u>Cano</u> said.
“Aircid ass.”	“Imígí libh.”	*“Away with you.”*
“Cid so, a Chono?” ar a muinter.	“Cad chuige seo, a Chano?” ar a mhuintir.	“What is this *, Cano*?” cried his household.
“Dar mo chumachta-sa”, orse, “ni gétar afaing asin churach-sa.	“Dar mo chumhachtsa,” ar sé, “ní tabharfar ar shiúl cianóg as an churach seo.	“By my power,” said <u>Cano</u> , “not a penny will be stolen from the boat.
Ma ra-tocad dam-sa, as mé do-méla(d) a n(d)-argat-sa.”	Má bhí an t-airgead i ndán dom, is agamsa a bheas a chaitheamh.”	If it was destined for me, I should enjoy the silver.”
“Atin bu[i]dig de”, ar an óic.	“Táimid buíoch de,” ar na fir.	“We are grateful,” the young men said.
“Tucaid as.”	“Tógaigí libh é.”	“Begone.”

## Section 10

Do-t(ho)ét són dochum tíre.	Le sin tháinig sé ar ais chun tíre.	<u>Cano</u> set back toward land.
“Maith”, or Diarmait	“Go maith,” ar Diarmaid.	“Good,” said Diarmait,
— fáitsine ó Día leis-[s]ide.	Bhí fáistine ó Dhia aige	who had God’s gift of prophecy,
“Do-radarad lúag na h-ainmne[t] do-ronnai in gilla(i) forsin fairgi:	gur tugadh luach na foighde a rinne <u>Cano</u> ar an fharraige	“the forbearance shown by the young man on the sea has been rewarded.

rígi n-Alban dó ceithri bládna[i] ficheat tar éis Oedán.

Maith”, or Diarmait, “tabraid fáilti dond fir do-thæd c(h)ucaib.”

Co cend trí tráth íar sin nocho tall cris ná delg dib.

“Bennacht for cách do-[g]ní maith [f]rind”, ar Cano.

“Tíagam-ni do chollad.”

Ba sí a comairle trá:

do-lotar as fut na h-aidche

co tuidcheatar fa-des dar Mag Murthemne i Mag m-Breg hi Cernai.

Bátar géisi forsin tilich.

“Díbaирг na h-éo(u)nu”, or a munter fri Cana.

Do-léici irchor fairriu; ni ránic.

agus go mbeadh ríge Alban aige ar feadh cheithre bliana ficead tar éis Aodháin.

“Go maith,” ar Diarmaid, “cuirigí fáilte roimh an fhear a thig chugaibh.”

Go ceann dhá lá ina diaidh sin níor scaoil siad crios ná dealg díobh.

“Beannacht ar chách a ní maith linn,” ar Cano ansin.

“Téimis a chodladh.”

Seo an chomhairle a lean siad:

D’imigh siad i rith na hoíche  
go dtáinig siad ó dheas thar Mhaigh Muirtheimhne go Cearna i Máigh Breá.

Bhí ealaí ar an tulach ann.

“Lámhaigh na héin,” ar a mhuintir le Cano.

Chaith sé urchar leo, ach níor aimsigh iad.

The kingdom of Scotland shall rest with him for twenty-four years in succession to Áedán.

“Good,” he continued, “give welcome to the man who comes before you.”

Then, until the end of three days, the household of Cano removed neither belt nor clasp.

“A blessing on all who grant us aid,” said Cano.

“Let us retire for sleep.”

This was their plan:

they journeyed south throughout the night until they came \*southwards\* across Mag Muirthemne into Mag Brega at Cernae.

There were swans on the slope.

“Shoot at the birds,” Cano’s people said to him.

Cano took a shot at them: it did not hit.

Is ann as-bert, ar ni ro-theilc imroll riam:

“Gési Cernai, mosrubthus,  
dom li[i]cc ni ma[d] rog(a)bas;  
brónán foru dia coraib,  
fo brónán form do imrolaib.”

Do-lotar síar arna bárach do Loch Aindind.

“Díbairg in lochain”, or cách.

“A locho” (arseiseom)  
“Locha Aindind(i), ni-t rocho  
ni scéoil indé a Cernu  
... ni focha.

Ni airg éonu Maic Dé bí  
... ara clúim;  
(is) beg tarba, ar ní mór a méit,  
ro-s-léic amin ina ndlúim.

Ni airg éonu in maigi;  
niba foru mo sroibthene;  
ní hed do-m-ucai ó Scí  
cocad fri géisi Cernai.”

Is ansin a dúirt sé, óir níor theilg sé iomrall  
riamh:

“Ealaí Chearna cé gur scanraíos  
le mo chloich ní maith a d'aimsíos;  
brónach iadsan de na hurchair,  
brónach mise de na hiomraill.”

Chuadar siar arna bhárach go Loch Ainninn.

“Caith leis na lachain,” ar cách leis ansin,  
ach is é dúirt seisean:

“A lachain  
Loch Ainninne ní chaithfinn,  
mar nach amhlaidh inniu don té  
a d'ionsaigh na healaí inné.

Óir ní bhásód éin Mhic Dé,  
lachain an chluimh gheal réidh,  
mar i méid is beag a dtairbhe  
is fágfad a mbeo ag na scuaine.

Ní bhásód éin an mhachaire,  
ní hiad a dhófas mo thine,  
ní hé a thug ó Scí mé  
chur cogaidh ar ealaí Chearna.”

.g.

It was then that he said, for he had never  
before missed a shot:

“I have scared the swans of Cernae,  
it were better that I had not thrown;  
their sorrow at being disturbed  
is like mine for my ill-cast stone.”

Next day they went west to Loch Aindinn.

“Shoot at the ducks,” they all said.

Said Cano:

“Ducks of Loch Aindinn  
I cannot reach you  
It will not be like yesterday,  
I shall not torment the ducks on the lake.

I shall not harm a feather of the birds  
of the Son of the living God.  
The profit is small, its size not great.  
Let me leave them huddled so.

I shall not harm the birds of the plain,  
my lightning shall not stike them.  
That is not why I set out from Skye  
to war on the swans of Cernae.”

## Section 11

Lotar íar sin dar Sinaind hi Connachta do ascnom co Gúaire,

co rángadar tech Marcáin

las mb[a]í Créd ingen Gúaire.

Ro-charastair-side cid síu t(h)ísed t(h)airis anair.

Is ann as-bert-si:

“Cano mac Gartnáin ó Scí,  
Créd a Maínmaig i n-áni:  
ba dirsín is mór do dú  
ocus da muir eturru.

Créd ingen Gúaire mad nach,  
cóel in bath (?) etar-da-beth  
ocus mac Gartnán, in mac  
... regad dia tochmarc.”

Ro-anacht-som dí a bale isi[nd]

ó[i]r da-luid-seom la Díarmaid dia tar(d)a(i)d  
Díarmait in cath do Gúaire, co ro-anacht-som  
immale.

Ina dhiaidh sin chuaigh siad thar Sionainn i  
gConnachta ag triall ar Ghuaire,

agus thíainig siad go teach Mharcáin,

a raibh Créadh, iníon Ghuaire, mar mhnaoi  
aige.

Bhí sise i ngrá le Cano fiú sula dtáinig sé  
trasna anoir,

agus anois dúirt sí:

“Cano mac Ghartnán ó Scí  
is Créadh i Maonmhaigh na háine,  
fairíor is mór de thalamh  
agus de mhuir á scaradh.

Créadh iníon Ghuaire dá mba luachmhar  
ba chaol an fharraige fhuafar,  
is mac Ghartnán an t-óglach  
rachadh gan mhoill dá tochmharc.”

Roimhe sin chaomhnaigh seisean a baile

tráth a ndeachaigh sé le Diarmaid ag  
tabhairt catha do Ghuaire.

They went then across the river Sinann into  
Connaught, making for Gúaire,

and they came upon the house of Marcán,

whose wife was Créd daughter of Gúaire.

She loved Cano even before he had journeyed  
across the sea.

It was then that she said:

“Cano, Gartnán’s son from Skye,  
noble Créd from Maínmag:  
bad luck that such land and sea  
lay between them.

Créd was Gúaire’s daughter, if she were anyone,  
slender was the sea that parted her  
and the son of Gartnán, a son  
who would come to court her.”

Marcán had protected the land of Créd

from the time he had arrived there with Diarmait  
when he had given battle to Gúaire.

“Aig a gilla”, orseiseam, “isi[n] leas.

Cuindig comairce co Créid dún co rí(a)sam co Gúaire”.

Is and as-bert-som intí Cano:

“Beir imchomarc úaim-se  
co Créidi ingin Gúaire,  
is geb na runnu-sa dí,  
do-bér-sa a coibéis úaidi.”

“Duid-seo do-bert(h)ar na raind-sea, a  
C[h]réidi”, ar Colcu mac Marcáin.

Is and as-bert:

“A Cholco,  
bec a fhis duid cia do(o)rdo;  
mo serc-sa do-radus d’fhir  
nád (f)ocus dam a (f)orba.”

“Fir a cano”, ar Marcán,

“ni chara is é don muinter-si.”

“Gabh sa lios, a ghiolla,” ar Cano,

“agus iarr coimirce ar Chréadh dúinn go dtí  
go dtéimid fhaid le Guaire.”

Ba ansin freisin a dúirt sé:

“Beirse beannacht uaimse  
go Créidh inín Ghuaire;  
inis na ranna seo di  
is gheobhad a gcothrom uaithi.”

“Is duitse a bheirtear na ranna seo, a  
Chréadh,” ar Colgain mac Mharcáin,

agus dúirt sí leis:

“A Cholgain,  
beag do fhios cé fáth mo liachta,  
mo shearc do thugas d’óglach  
nach fogas dom a theaghlaich.”

“Is fior a gcanann tú,” ar Marcán;

“ní hé Colgain do leannán mar is de  
mhuintir an tí seo eisean.”

“Go, servant,” Cano said, “into the enclosure.

Seek Créd’s permission that we may approach  
Gúaire.”

Then Cano said:

“Send greeting from me  
to Créd, Gúaire’s daughter:  
sing her this verse  
and bring the same from her.”

“This verse has been brought to you, Créd,” said  
Colcu son of Marcán.

Créd said:

“Colcu,  
little do you know of what I sing.  
I have given my love to a man  
whose homeland is far away.”

“What you sing is true,” Marcán said.

“You will not love Colcu for he is not of this  
household.”

“A Marcáin,  
ni raba[e] d’éis do macáin;  
nirop do macán ro-m-[sh]á  
corab tusu ad-bala.

Do she[i]rc neich sech araile  
i tir (n)Érend ni dordo  
mairg diamongnais Cana  
ocus diam cara Colcu.”

Ro-liad-si íarum a[r] C[h]olcain,

dia n-ebairt Gúaire fesin dia n-etarchosaíd:

“Créd la Marcán, niba mac,  
ni gaib Colcain do thochmarc,  
nu ruband Créd ar féle  
acht is a fail [ó]enchéile.”

Labhair sise ansin:

“A Mharcáin,  
ní bheidh tú d’éis do mhacáin;  
ní hé do mhacán a gheobhas mé  
go dtí tar éis do bháis-se;

de sheirc duine i dtír Éireann  
ní chaoininm thar a chéile;  
mairg ise atá in éagmáis Chano  
is gur di is cara Colgain.”

A.

Níos moille arís cuireadh ina leith go raibh  
sí móir le Colgain,

agus sin an uair a dúirt Guaire fén lena  
ndreasú i gcoinne a chéile:

“Créadh le Marcán — ní haon mhaicín —  
níor ghlac le grá ó Cholgain,  
ní mhillfidh Créadh a féile  
ach ar son an aon-chéile.”

\*Then she said:\*

“Marcán,  
behind your son you should not be,  
for though you die  
he shall not win me.

I sing of no one’s love above another  
in the land of Ireland.  
Sorrow to her in Cano’s absence  
and to whom Colcu is a friend.”

Then Créd was accused of adultery with Colcu

when Gúaire himself said, to cause dissention  
between them:

“Créd should be with Marcán  
and not with his son.  
In modesty she could not be  
wife to more than one.”

## Section 12

Lotar-sin dí co Derlus nGúairi,

ocus ba fáilich friu.

“Fo-chen duid, a Chano,” ar Gúairi.

“Ni-t-recfider sund ar argad ar scís do bíata.

Niba scél mac nOeda Sláne.

Ro-d-bia biad ocus inilli[u]s, ocus fo-chen  
duid!”

Buí Cano mac Gartnáin íar suidiu tremsi i fail  
Gúaire,

.i. trian ind lis do Gúairiu,

ocus trian n-aill don lis do Chano,

ocus a trian n-aill do Senchán Torpéist

.i. fili Gúaire ocus fer nÉrenn uile.

Chuaigh Cano agus a mhuintir ansin go Durlas  
Ghuaire,

agus bhí Guaire féin fáilteach rompu:

“Sé do bheatha, a Chano,” ar sé,

“ní díolfar anseo thú ar airgead nuair a táthar  
bréan de do chothú.

Ní scéal mac Aodha Sláine a bheas anseo.

Beidh agat bia agus coimirce agus fearadh na  
fáilte!”

Ina dhiaidh sin bhí Cano ráithe i bhfochair  
Ghuaire.

Bhí trian an leasa ag Guaire,

trian ag Cano

agus an trian eile ag Seanchán Toirpéist,

file Ghuaire agus fear Éireann uile.

They went then to Derlus Gúairi

and they were well received.

“Welcome, Cano,” Gúaire said.

“Here you will not be sold for silver for the  
trouble of your keep.

Here the story of the sons of Áed Sláine will  
not be repeated.

You shall have food and protection.  
Welcome!”

\*After this,\* Cano enjoyed the company of  
Gúaire for one season:

Gúaire kept one-third of the enclosure,

Cano had another third

and Senchán Torpéist,

the poet of Gúaire and all the men of Ireland,  
had the remaining third.

Fer beg trúag,

i ‘rrúsc’ olla no-bídh do grés dia chadudh ara  
thrúaigi.

Cethrumthu bairgine do-meled co cend trí  
tráth.

Brigid bratbrú a chaillech-som no-chaithed  
[.iii.] ceathroimthi na bairgine.

Ba mór les-[s]eom a brú,  
conid Brigid bratbú a hainm leis-seom íarum.

Ba mór a herraigi.

Fecht n-and do-luid Brigid for tairireth.

Fácaib a hinált fora erraithe-sem.

Óicbean-side chóem.

Luid medón láí ara bárach dia thairbirt-som.

Oc tuidecht dí asin chuilich —

Fear beag trua é Seanchán,

a bhíodh clúdaithe le ‘cairt’ olla i gcónaí le  
teas a choinneáil ann.

Ní chaitheadh sé ach ceathrú bairíne in  
imeacht dhá lá.

Bríd Bhratbhrú, a chailleach-san, chaitheadh  
sise trí cheathrú den bhairín.

Ba mhór a brú dar leis-sean,  
agus mar sin ba é Bríd Bhratbhrú a thugadh sé  
uirthi i gcónaí.

Is mór an freastal a theastaíodh uaidhsean.

Uair amháin chuaigh Bríd ar thuras  
agus d’fhág sí cailín le freastal air.

Ba chailín dóighiúil í.

Tháinig sí meán lae arna bhárach á  
fhriothálamh.

Agus í ag teacht as an chistin

\*Senchán was a small, emaciated man,

who was constantly covered in a ‘bark’ of  
wool to wrap him up because of his  
emaciation.

He ate a quarter of a loaf during three days.

Brigid Bratbrú, his wife, she ate three-quarters  
of the loaf.

He thought that she had a bulging belly,  
so that he called her Brigid Bratbrú ('of the  
bulging belly') afterwards.

He required a lot of attendance.

Once, Brigid went on a journey.

She left her handmaid to attend to him.

The handmaid was a beautiful girl.

Next day, she came at midday to serve him  
with food.

When she was coming out of the kitchen,

“Ná tair, ná tair, a ben,” arse.

“Am siniu-sa anda[í]-siu.

At-c(h)ondarc-sa do senmáthair-seo;

ro-buí grísingin fora hordin chlí.

Scéfe dia tuidchis ní bus mó.”

scairt sé, “Ná tar, ná tar, a bhean.

Tá mé níos sine ná tusa.

Chonaic mise do shean-mháthair.

Bhí iongain loiscthe ar a hordóig chlé.

Tiochfaidh masmas orm má thig tú níos comhvaraí.”

he said: “Stop, stop, woman.

I am older than you.

I saw your grandmother.

She had an inflamed nail on her left thumb.

I will vomit if you come any closer to me.” \*

## Section 13

Airchetal do-roindi-seom do Diarmait mac Æda Sláne.

“Airg, a gilla”, orseisem, “co n-airchedal do ríg Érenn.”

Téid-side sair.

Saidig a n-aircheda(i)l.

“Is maith ind n-airchetul”, or Diarmaid.

Is ann buí-seom: oc sním irchomail fo Grip .i.  
garbar Díarmada.

“Beir lat in(d) n-idh-sea do Shenchán.”

Rinne sé dán uair eile do Dhíarmaid mac Aodha Sláine.

“Téigh, a ghiolla,” ar sé, “leis an dán seo go rí Éireann.”

Téann seisean soir

agus gabhann sé an dán.

“Is maith an dán é,” ar Diarmaid.

Is amhlaidh a bhí sé ag sníomh laincise dá chapall, Grip.

“Beir leat an iodh seo go Seanchán,” a deir sé.

\*He composed a poem once for Diarmait, son of Áed Sláine.

“Servant,” said he, “go with this poem to the king of Ireland.”

The servant goes eastward,

and recites the poem.

“The poem is good,” said Diarmait.

At the time, he was weaving a spancel for his horse, Grip.

He says: “Bring this spancel-ring to Senchán.”

Luid-side síar ocus nirbo buideach.

“Asso, a bachlaich”, orse, “id (id) n-irchomail duit i ndúais t’airchetail.”

“Óna[ib] rígaib ferr id adlaic a gillai”, orseiseam.

“Airg, a gilla”, … di[a] blíadnae, “co n-airc[h]edul do ríg Érenn.”

Gaibid in gilla a n-airchetal.

“Maith”, or Díarmaid, “ber lat in gablaig-se do Senchán.”

“Asso, a antocaid”, or in gilla,

“gaiscead duit dot chuitmed ó(r) Díarmait.”

“Airg, a gilla, co n-airchetul do Díarmait”.

(Is maith a n-archetal.)

Gaibid in gilla fair.

“Cade Díarmaid?”

D’imigh an giolla siar agus ní buíoch a bhí sé.

“Seo dhuit, a bhachlaigh,” ar sé, “an laincis i nduais do dháin.”

“A ghiolla,” ar seisean, “ó rithe is fearr laincis ná do mhian fénin.”

Ansin deir sé arís \*, bliain ón lá sin\*: “Téigh, a ghiolla, leis an dán seo go rí Éireann.”

Gabhann an giolla an dán.

“Go maith,” ar Diarmaid, “beir leat an tsleá seo go Seanchán.”

“Seo duit, a ainniseoir bhocht,” ar an giolla,

“arm ó Dhiarmaid mar mhagadh fút.”

“Téigh, a ghiolla le dán go Diarmaid.

Is maith an dán é.”

Tógann an giolla é.

“Cá háit a bhfuil Diarmaid?”

The servant went west and he wasn’t pleased.

“Here you are, churl,” he said, “a spancel-ring as payment for your poem.”

“Servant,” he said, “from kings, a spancel-ring is better than a demand.”

On that day exactly a year afterwards, he says to the servant: “Servant, go with this poem to the king of Ireland.”

The servant recites the poem.

“Good,” said Diarmait, “bring this forked stick to Senchán.”

“Here, you unfortunate one,” said the servant,

“a suit of armour sent from Diarmait to mock you.”

“Servant, go with this poem to Diarmait.

The poem is good.”

The servant takes it.

“Where is Diarmait?”

“Atá i n-arucol ic tomus óir ocus argaid.

Ba maith duit teacht c(h)uici.”

“Oslaic!” ol in gilla.

“Cía so?” or Diarmaid.

“Gilla Seancháin.”

Gaibid in gilla a n-airchetal.

“Is maith”, or Diarmaid,

“beir lat so do Seanchán .i. cét unga do dergór  
ocus trí .xx. do argat duid fén.”

“Maith, a gillai”, or Senchán, “cid do-t-gní  
fáilid don chur-sa?”

“Atá maith sund dait”, or in gilla(i),

“.i. cét unga do dergór.”

“Is ferr, a gillai, oldás a olcugud.”

“Tá sé ina aireagal féin ag cuntas óir is airgid.

Ba chóir duit dul chuige.”

“Oscail!” ar an giolla.

“Cé tá ann?” ar Diarmaid.

“Giolla Sheancháin.”

Gabhann sé an dán ansin.

“Is maith é,” ar Diarmaid.

“Beir leat go Seanchán céad uinge de dhearg-  
ór

agus trí fichid d’airgead duit féin.”

“Anois, a ghiolla,” ar Seanchán, “caidé an rud  
a chuireann lúcháir ort don chor seo?”

“Tá rud maith anseo duit,” ar an giolla,

“mar atá, céad uinge de dhearg-ór.”

“Is fearr sin ná bheith ag cur oilc air \*, a  
ghiolla\*.

“He is in his chamber weighing gold and  
silver.

You should go to him there.”

“Open!” said the servant.

“Who’s there?” said Diarmait.

“Senchán’s servant.”

He recites the poem.

“The poem is good,” said Diarmait.

“Bring Senchán one hundred ounces of red  
gold,

and take sixty ounces of silver for yourself.”

“Well now, servant,” said Senchán, “why are  
you joyful on this occasion?”

“Here is something good for you,” said the  
servant,

“namely, one hundred ounces of red gold.”

“That is better than offending, servant.”

“Airc, a gillai, co n-airchetul do Diarmait.”

“Regthair”, orse.

